**Nóta Faisnéise 0009/2023**

## Chuig: Údaráis Bainistíochta na Scoileanna Aitheanta Iar-bhunscolaíochta

# Nóta Faisnéise do Phríomhoidí, do Threoirchomhairleoirí agus d'Fhoirne Treorach i ndáil leis an Soláthar Treorach sa Scoil Uile don tSraith Shóisearach

### 1. Réamhrá

Tá de chuspóir leis an Nóta Faisnéise seo an fhaisnéis agus an cúnamh taca is gá a chur ar fáil do na scoileanna iar-bhunscolaíochta maidir le Treoir a chur ar fáil do dhaltaí na Sraithe Sóisearaí. Dírítear an Nóta Faisnéise ar lucht bainistíochta na scoileanna agus tá tábhacht faoi leith leis do threoirchomhairleoirí agus d'fhoirne treorach. Baineann an Nóta Faisnéise go dlúth le Ciorclán 0028/2023.

### 2. An Chuspóir atá leis an Nóta Faisnéise

Ceapadh an Nóta Faisnéise seo d'fhonn cuidiú le scoileanna Treoir chuí a chur ar fáil (An tAcht Oideachais, 1998 9c) maidir le clár na Sraithe Sóisearaí. **Ní foláir** foghlaim a bhaineann le treoir a bheith ina chuid de chlár na Sraithe Sóisearaí, ag teacht le Ciorclán 0028/2023.

Ar an bhfoghlaim sa seomra ranga a bhaineann le gnóthaí treorach atá béim sa cháipéis seo, faoi mar a luaitear go sonrach faoi mhír 3 (iii) thíos. Ina ainneoin sin, tugtar chun aire go mbíonn réimse gníomhaíochta a chuirtear ar fáil mar shraith forbartha ó thús go deireadh oideachas iar-bhunscolaíochta an dalta i gceist le Treoir den éifeachtúlacht (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2005).

### 3. Sainmhíniú ar Threoir:

Tagann trí réimse faoi leith, cé go bhfuil ceangal eatarthu, i gceist le Treoir, forbairt phearsanta agus shóisialta, treoir oideachasúil agus gairmthreoir. (An Roinn Oideachais agus Scileanna; 2005, l. 4).
Ar leibhéal na Sraithe Sóisearaí, is iondúil tabhairt faoi thrí chineál de na gníomhartha Treorach:

(i) Grúpghníomhaíocht na scoile uile / na bliana uile. Mar shampla, d'fhéadfadh go gcuirfeadh scoil clár ionduchtúcháin ar bun don chéad bhliain chun fónamh don aistriú ón mbunscoil.

(ii) Comhairleoireacht treorach duine le duine, lena n-áirítear treoir oideachasúil, gairmthreoir agus treoir shóisialta/phearsanta agus;

(iii) Foghlaim sa seomra ranga a bhaineann le treoir. Mar a luaitear faoi mhír 2, is don fhoghlaim seo go háirithe a thagraítear sa cháipéis seo. Is féidir leis an treoirchomhairleoir an fhoghlaim sa seomra ranga a bhaineann le treoir a chur ar fáil nó le múinteoir eile sin a dhéanamh i gcomhréir leis an bpleanáil Uile Scoile don Treoir. Tá foghlaim sa seomra ranga maidir le gnóthaí treorach éagsúla le comhairleoireacht treorach, réimse ar leis an treoirchomhairleoir amháin a bhaineann a chúram.

## 4. Foghlaim a bhaineann le treoir ar thráthchlár na scoile

Tá dhá mhodh inar féidir foghlaim sa seomra ranga a bhaineann le treoir a thabhairt san áireamh ar thráthchlár na scoile maidir leis an tSraith Shóisearach:

(i) Uaireanta maidir le Folláine: meabhraítear do na scoileanna go bhfuil ceangailte ó mhí Mheán Fómhair 2022 amach, i ndáil leis na daltaí atá ag teacht isteach sa chéad bhliain, 400 uair a chloig ar a laghad a chur ar fáil maidir le Folláine i rith trí bliana na Sraithe Sóisearaí. San áireamh leis na 400 uair a chloig sin, beidh 335 uair a chloig de dhíth maidir le soláthar an chúrsa trí bliana don Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil (OSSP) agus Corpoideachas (CO) ar feadh ré na Sraithe Sóisearaí. Is féidir an fuílleach 65 uair a chloig a chur i leith ábhar eile a bhaineann le folláine, foghlaim a bhaineann le treoir san áireamh. (Nóta: is féidir le scoil réimsí eile a thabhairt san áireamh leis an soláthar maidir le folláine, faoi mar a shonraítear go mion i roinn 2.6 de Chiorclán 0028/2023) agus;

(ii) Réimsí eile den fhoghlaim: is féidir foghlaim sa seomra ranga a bhaineann le treoir a chur ar fáil do na daltaí freisin taobh amuigh den soláthar maidir le Folláine.

## 5. Acmhainní chun tacú leis an bhfoghlaim sa seomra ranga a bhaineann le treoir

Tá acmhainní éagsúla ar fáil d'fhonn tacú leis an bhfoghlaim sa seomra ranga a bhaineann le treoir. Mar shampla:

- Foireann Treorach Oide Tá seimineáir aon lá iomlán amháin á gcur ar fáil i rith na scoilbhliana 2023/24 ag Oide maidir le Clár Treorach na Sraithe Sóisearaí a leagan amach. Tá ceannairí gairmiúla foghlama Oide ar fáil freisin chun cuidiú le scoileanna maidir le Treoir trí chúnamh taca don scoil.
- Tá aonaid foghlama maidir le gach bliain de thrí bliana na Sraithe Sóisearaí leagtha amach i ndáil le foghlaim a bhaineann le treoir. Tá seacht gceacht faoi leith i ngach

ceann de na haonaid foghlama sin.  Tá na haonaid foghlama a bhaineann le treoir ar fáil ar www.scoilnet.ie.

- Is féidir le scoileanna aonaid foghlama dá gcuid féin a bhaineann le treoir a leagan amach agus pleanáil a dhéanamh ina leith trí leas a bhaint as Aguisín 1 le Treoirlínte Folláine na Sraithe Sóisearaí.

## 6. Aonaid foghlama arna bhforbairt sa scoil: torthaí foghlama samplacha maidir le treoir na Sraithe Sóisearaí

Bainfidh éagsúlacht leis na torthaí foghlama maidir le Treoir ag teacht le comhthéacs agus cúlra áitiúil na scoileanna faoi leith, réimsí spéise agus inniúlachta na ndaltaí agus sainmheon na scoile.  Is den tábhacht go dtéann treoirchomhairleoirí i gcomhairle le Foirne Tacaíochta Daltaí na scoile d'fhonn freastal don phleanáil maidir le riachtanais shaincheaptha na ndaltaí ar gach leibhéal den leanúntas tacaíochta. Luaitear iad seo a leanas, áfach, mar thorthaí foghlama a d'fhéadfaí a shonrú le linn phróiseas na pleanála maidir le treoir i rith na Sraithe Sóisearaí:

- Beidh ar chumas na ndaltaí réimse conairí iarscolaíochta a thabhairt chun aire;
- Beidh ar chumas na ndaltaí cuntas a thabhairt ar róil agus ar chúinsí éagsúla oibre;
- Beidh ar chumas na ndaltaí 'an duine is mise' a scrúdú agus a chur i láthair, féiniúlacht, réimsí spéise, luachanna agus meon, d'fhonn tuiscint níos mó a ghnóthú orthu féin;
- Beidh ar chumas na ndaltaí roinnt dá gcuid spriocanna pearsanta a thabhairt chun aire agus modhanna chun iad a bhaint amach a fhiosrú;
- Beidh ar chumas na ndaltaí machnamh a dhéanamh ar a gcuid réimsí spéise agus ar a gcuid luachanna agus cuntas a thabhairt ar an gcaoi ina dtagann siad sin lena gcuid spriocanna oideachais;
- Beidh ar chumas na ndaltaí athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta scoile, teaghlaigh, comhaoiseanna agus oibre agus ar na bealaí ina mbeadh tionchar acu sin ar rogha duine maidir le slí ghairme;
- Beidh ar chumas na ndaltaí anailís a dhéanamh ar an eolas agus ar na scileanna bainistíochta slí gairme atá á ngnóthú ó ábhar faoi leith a dhéanamh agus ó bhearta éagsúla seach-churaclaim agus;
- Beidh ar chumas na ndaltaí machnamh a dhéanamh ar ghnéithe tábhachtacha dá saol féin agus scileanna a fhorbairt d'fhonn bainistíocht a dhéanamh ar shaol sárchothrom nuair nach bhfuil réimsí éilimh de chineálacha éagsúla agus spriocanna pearsanta ag teacht go díreach le chéile.

Tá eolas breise ar fáil i bhFoilseachán Torthaí Foghlama CNCM faoi mhodhanna inar féidir le scoileanna a gcuid torthaí foghlama féin a fhorbairt maidir le Treoir. Tá an t-aguisín ar fáil i dTreoirlínte Folláine na Sraithe Sóisearaí CNCM (2021)

## 7. Breis eolais:

- Faoi láthair, níl uasmhéid ná íosmhéid uaireanta an chloig i bhfeidhm maidir le Treoir sa tSraith Shóisearach:
- Le linn pleanáil a dhéanamh maidir le Treoir don tSraith Shóisearach, níl cead ag scoileanna 'áireamh faoi dhó' a dhéanamh ar uaireanta a chuirtear ar fáil don fhoghlaim a tharlaíonn maidir le réimsí eile den churaclam. Mar shampla, tá sonraíocht ábhair faoi leith ag baint le OSPS don tSraith Shóisearach. Dá réir sin, sa chás gur rang a bhaineann le treoir atá á theagasc, ní féidir sin a áireamh mar rang OSPS chomh maith, ná rang treorach a áireamh mar rang OSPS chomh maith le rang treorach; Beidh gá le comharoibriú in éineacht leis an bhfoireann/comhordaitheoir OSPS ionas go seachnaítear dúbailt mhí-éifeachtúil maidir le treoir shóisialta agus phearsanta agus;
- Sa chás go bhfuil Foireann Tacaíochta Daltaí ar bun, ba cheart sin a bheith lárnach maidir le córais tacaíochta uile na scoile, lena n-áirítear iad siúd atá freagrach as an bpleanáil ar chlár folláine na Sraithe Sóisearaí. Ba cheart go mbeadh treoirchomhairleoir ina b(h)all lárnach den fhoireann tacaíochta daltaí sa scoil. Tá breis eolais faoin modh ina n-oibríonn foirne scoile le chéile ar fáil in Treoirlínte Folláine na Sraithe Sóisearaí CNCM (2021)

Tá teacht ar eolas breise faoi chúrsaí beartais (ciorcláin, foilseacháin agus acmhainní san áireamh) a bhaineann le treoir anseo.

**Treoir, Beartas Curaclaim agus Measúnaithe**
**Lúnasa 2023**